An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar Ghaeilge
TUAIRISC

Coláiste Sheosaimh
Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe
Uimhir Rolla: 62880J

Dáta na cigireachta: 11 Márta 2016

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS
INSPECTORATE

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	10 agus 11 Márta 2016
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith seacht dtréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama maithe mar shaintréith i bhformhór na gceachtanna agus bhí cleachtais mhúinteoireachta agus fhoghlama eiseamláireacha in úsáid i mionlach suntasach díobh; bhí scóip chun forbartha ar na modhanna a bhí in úsáid i líon beag eile.
- Tá soláthar maith á dhéanamh do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge sa scoil.
- Tá córais mhaithe in úsáid ag roinn na Gaeilge don mheasúnú ar an bhfoghlaim; tá aitheantas á thabhairt do na scileanna teanga go léir do gach bliainghrúpa.
- Tá dul chun cinn maith déanta ag an roinn i bpróiseas na pleanála don ábhar.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar úsáid níos leithne a bhaint as an gcur chuige cumarsáideach, an cur chuige comhtháite téamach agus as straitéisí idirdhealaithe teagaisc agus foghlama sna ceachtanna ar fad.
- B'fhiú go mór don roinn ceist úsáid an aistriúcháin agus forbairt an mheasúnaithe chun foghlama (McF) a phlé ar mhaithe le polasaithe aontaithe a chur i bhfeidhm.
- Rachadh sé chun tairbhe an teagaisc agus na foghlama na pleananna curaclaim a fhorbairt chun na siollabais ar fad a mhúineadh ar bhealach comhtháite téamach.
- Moltar plean gníomhaíochta don teanga a fhorbairt agus céimeanna insroichte a cheapadh chun dul chun cinn sna réimsí aitheanta a bhaint amach.

RÉAMHRÁ

Meánscoil dheonach do bhuachaillí is ea Coláiste Sheosaimh. Tá 513 scoláire ar na rollaí don scoilbhliain reatha 2015/16. Is iad an Teastas Sóisearach, an Idirbhliain ar bhonn roghnach agus an Ardteistiméireacht bhunaithe na cláir atá ar churaclam na scoile.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Áiríodh na teicnící teagaisc agus foghlama ar cháilíocht a bhí go maith i dtromlach na gceachtanna agus i gcás níos lú ná leath de na ranganna bhí modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama eiseamláireacha in úsáid. Bhí scóip le forbairt a dhéanamh ar na modhanna i líon beag eile ceachtanna a breathnaíodh.
- Bhí an cleachtas ab fhearr le fáil sna ceachtanna sin inar leagadh amach spriocanna foghlama soiléire idirdhealaithe d'obair an ranga, inar cruthaíodh deiseanna éagsúla do na scoláirí chun dul i ngleic le hábhar an cheachta ar bhealach fiúntach agus ina ndearnadh cleachtadh agus athchleachtadh ar na gnéithe céanna den teanga ar bhealaí éagsúla.
- Bhí an comhtháthú a rinneadh ar scileanna uile na teanga go han-mhaith in dhá cheacht agus bhí an-éagsúlacht sna gníomhaíochtaí ranga a chuir le tairbhe na foghlama.
- Rinneadh freastal maith ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí roimh an obair thascbhunaithe agus le linn na hoibre tascbhunaithe i dtromlach na ranganna. Moltar am ar leith a shocrú do na tascanna roimh ré agus tascanna sínte a bheith in úsáid sna ceachtanna do na scoláirí sin a chríochnaíonn an croíthasc sula mbíonn an t-am istigh.
- Baineadh feidhm as straitéisí éifeachtacha ceistiúcháin i bhformhór na gceachtanna agus b'fhiú go mór cur chuige dá macasamhail a úsáid ar bhonn níos forleithne.
- Nuair nár baineadh amach na féidearthachtaí foghlama go léir sna ceachtanna, an chúis ba mhó a bhí leis seo ná go raibh an iomarca míreanna pleanáilte do na ceachtanna agus ní raibh nasc téamach eatarthu. Dá thoradh seo ní raibh príomhfhoclóir agus príomhfheidhmeanna teanga an cheachta daingnithe roimh dheireadh an ranga.
- Bhí nósanna imeachta maithe in úsáid maidir le ceartú obair bhaile ag tús na ranganna go léir.
- Ba í an Ghaeilge a bhí in úsáid ag formhór na múinteoirí do gach idirghníomhaíocht ranga. Baineadh úsáid theoranta as modh an aistrúcháin i mórán gach ceacht ar shlí a chuaigh chun leasa na foghlama; ba léir freisin sna ranganna sin ina raibh an sprioctheanga in uachtar agus go raibh taithí ag na scoláirí ar an dea-chleachtas seo. B'fhiú go mór don roinn ceist úsáid an aistriúcháin a phlé ar mhaithe le polasaí aontaithe a chur i bhfeidhm.
- Díríodh aird na scoláirí ar mhórphointí gramadaí i gcomhthéacs cumarsáideach an phíosa le linn formhór na gceachtanna. Bhain cáilíocht an-mhaith leis na scileanna mínithe teanga a chleacht formhór na múinteoirí agus rinneadh grúpáil agus clárú an-chumasach ar fhoclóir a tháinig aníos le linn dhá cheacht. Moltar úsáid níos forleithne a bhaint as na cuir chuige seo.
- I gcás níos lú ná leath de na ceachtanna a breathnaíodh, níor mhór cúram a dhéanamh de chruinneas na n-eiseamláirí ó bhéal a cuireadh ar fáil do na scoláirí.
- Bhí cumas an-mhaith ag na múinteoirí go léir i riar ranga agus bhí atmaisféar dearfach foghlama i réim i mórán gach rang.

- Maidir le timpeallacht na foghlama sna seomraí ranga, bhí cáilíocht an mhéid sin go han-mhaith agus i gcás seomra amháin bhí timpeallacht eiseamláireach cruthaithe a bhí sainiúil agus comhaimseartha.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Déantar soláthar an-mhaith do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge ag leibhéal na scoile uile.
- Is céimithe le Gaeilge iad formhór na múinteoirí atá ag múineadh na Gaeilge sa scoil. Tá sé le moladh go nglacann foireann na Gaeilge páirt in oiliúint ghairmiúil leanúnach ag leibhéil éagsúla.
- Tá díolúine ón nGaeilge de réir fhorálacha Imlitir M10/94 ag cúig déag faoin gcéad de mhóriomlán na scoláirí.
- Bhain dea-cháilíocht leis na hacmhainní atá á gcnuasach agus á roinnt do theagasc agus foghlaim na Gaeilge, acmhainní teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) san áireamh. Moltar é a bheith mar thosaíocht ag an roinn athnuachan leanúnach a dhéanamh ar na fearais thacúla seo laistigh de shrianta bhuiséad na scoile.
- Glacann scoláirí na scoile seo páirt i réimse maith imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim.
- Thosaigh roinn na Gaeilge ag déanamh anailíse ar thorthaí Gaeilge scrúdú na hArdteistiméireachta an bhliain seo caite. Moltar torthaí scrudú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh a chur san áireamh san anailís seo chomh maith. B'fhiú torthaí na hanailíse seo a bheith mar cheann de na bunfhoinsí a threoraíonn próiseas na pleanála don teanga.
- Bhí polasaí obair bhaile forbartha ag an scoil agus tá sé inmholta go raibh béim ar na scileanna teanga go léir sa pholasaí seo agus fianaise den chur chuige seo le léamh ar fhormhór na ndialanna a breathnaíodh. Cuirtear na ceithre scil teanga san áireamh sna scrúduithe míosúla a dhéanann na scoláirí i gcaitheamh na scoilbhliana freisin.
- Bhí ceartúcháin rialta déanta i bhformhór na gcóipleabhar agus bhí córas in úsáid i roinnt cóipleabhar chun aiseolas a thabhairt do scoláirí ar ghnéithe de ghramadach agus de chomhréir na teanga. Bhí fianaise freisin sna cóipleabhair seo ar aiseolas forbarthach de cháilíocht an-mhaith a bheith á sholáthar do na scoláirí.
- B'fhiú go mór don roinn plé a dhéanamh ar na hionchais atá acu maidir le haiseolas forbarthach i bhfoirm scríbhinn a sholáthar do na bliainghrúpaí difriúla agus cur chuige a aontú dá réir.
- Moltar na critéir ratha a aontú leis na scoláirí ionas go mbeadh siad in ann a gcuid scileanna teanga féin a mheasúnú agus scileanna teanga scoláirí eile a phiarmheasúnú.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Bhain cáilíocht mhaith le caighdeán na pleanála don Ghaeilge.
- Bhí an cleachtas ab fhearr sna pleananna sin ina raibh na siollabais á múineadh ar bhealach comhtháite téamach, ina raibh béim ar na spriocanna foghlama, na gníomhaíochtaí foghlama agus na modhanna measúnaithe a thacaíonn leo luaite go sonrach.

- Moltar na pleananna seo a úsáid mar eiseamláirí chun go mbeidh pleananna gach bliainghrúpa ar comhchéim ó thaobh cáilíochta. Agus an obair fhorbartha ar bun moltar an ghramadach, an tsraith pictiúr agus an litríocht ainmnithe a chur in oiriúint do na téamaí seachas iad a mhúineadh scartha ón gcuid eile den chúrsa.
- Moltar don roinn plean gníomhaíochta d'fhorbairt na teanga a aontú. Ba chóir spriocanna cinnte maille le frámaí ama a leagan amach chun na haidhmeanna aontaithe a bhaint amach.
- Bhain dea-cháilíocht nó ardcháilíocht leis an bpleanáil ghearrthréimhseach agus leis an ullmhúchán a bhí déanta don chuid ba mhó do na ceachtanna. I gcás an bheagáin áfach bhí gá le forbairt shuntasach.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Foilsithe Meitheamh 2016

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

The school accepts the content and findings of the report.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

The School accepts the content and findings of the report and it is our intention to implement the recommendations of the report.